Brexit

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin idirbheartaíocht atá ar siúl idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas Eorpach. Sula bhféachfaidh tú ar an mír, pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

1. Cén fáth a bhfuil na cainteanna tábhachtacha seo maidir le Brexit ag dul ar aghaidh faoi láthair?

2. Cad é an nuacht is deireanaí faoin scéal seo?

Ceist 2 Cén Ghaeilge atá ar na focail/frásaí seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- chief negotiator
- provisions
- internal market
- free trade
- denied
- bleak, dismal
- fateful, decisive
- a point of interest
- to address the problems
- move, manoeuvre
- that contradicts
- allow to lapse

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 3 Anois, féach ar an tuairisc arís agus:

A. Scríobh achoimre ghearr ar an scéal agus pléigh an méid a scríobh tú leis an duine in aice leat.

B. Breac síos pointe eolais amháin faoi – Michel Barnier, Boris Johnson, Michael Gove agus Maroš Šefčovič agus cuir do phointí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

Ceist 4 '…ar maidin...'

1. Féach ar an tuairisc arís agus breac síos gach sampla a chloiseann tú inti den réamhfhocal simplí ***ar*** agus an t-ainmfhocal a leanann é.

2. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus mínígí cén fáth a bhfuil séimhiú ar chuid de na hainmfhocail sna samplaí agus nach bhfuil ar an gcuid eile?

3. Anois déanaigí iarracht na cinn seo a dhéanamh:

ar (buile)	_____
ar (deireadh)	_____
ar (madra)	_____
ar (meisce)	_____
ar (Pádraig)	_____
ar (cíos)	_____
ar (ceal)	_____
ar (fuinneog)	_____

Ceist 5 Bhí roinnt samplaí den bhriathar saor sa mhír. Breac síos gach ceann a chloiseann tú agus abair cén aimsir lena mbaineann sé.

_____	_____
_____	_____
_____	_____
_____	_____
_____	_____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Cad a cheapann tú faoi Brexit?
2. An leanann tú cúrsaí reatha na Ríochta Aontaithe? Cén fáth?
3. Conas a bheidh an saol i dTuaisceart Éireann sna blianta amach romhainn, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir gach beirt a chur ag plé na gceisteanna seo sula seinntear an tuairisc, nó iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Ceist 2

Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis féachaint amháin.

- chief negotiator – *príomh-idirghabhálaí*
- provisions – *forálacha*
- internal market – *margadh inmheánach*
- free trade – *saorthrádáil*
- denied – *séanta*
- bleak, dismal – *duairc*
- fateful, decisive – *cinniúnach*
- point of interest – *díol spéise*
- to address the problems – *dul i ngleic leis na fadhbanna*
- move, manoeuvre – *beart*
- that contradicts – *a thagann salach ar*
- allow to lapse – *lig i léig*

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

1. Ar réiteach, ar maidin, ar chor ar bith, ar chúrsaí, ar ball beag (x2), ar bheatha, ar earraí, ar bun, ar chomhaontuithe idirnáisiúnta agus ar Oileán na hÉireann.
2. Seo thíos na rialacha. Ná déan dearmad nach féidir séimhiú a chur ar ghuta (ar earraí; ar Oileán) nó ar 'r' (ar réiteach):

- ✓ Leanann séimhiú ***ar*** nuair atá suíomh nó ionad áirithe i gceist:
  ar chor ar bith, ar chúrsaí, ar bheatha, ar chomhaontuithe
- ✓ Ní leanann séimhiú ***ar*** nuair a chuirtear staid nó coinníoll in iúl:
  ar mire, ar fionraí
- ✓ Ní leanann séimhiú ***ar*** nuair atá ionad ginearálta i gceist:
  ar bun, ar bord
- ✓ Ní leanann séimhiú ***ar*** nuair atá am i gceist:
  ar maidin, ar ball beag,

3.
ar buile
ar deireadh
ar mhadra
ar meisce
ar Phádraig
ar cíos
ar ceal
ar fhuinneog

Ceist 5

- go dtarraingeofar – an aimsir fháistineach
- tuairiscíodh – an aimsir chaite
- a deirtear – an aimsir láithreach
- a chuirfear – an aimsir fháistineach
- a ligfear – an aimsir fháistineach

Ceist 6
Tabhair deis do na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé le chéile agus ansin pléigh cuid de na ceisteanna leis an rang iomlán.

Siún Nic Gearailt
Deir príomh-idirghabhálaí an Aontais Eorpaigh, Michel Barnier, nach féidir na comhráití faoin mBreatimeacht a scaoileadh thairis Dé Céadaoin gan socrú a bheith déanta. Tráthnóna, tá Rialtas na Breataine tar éis a rá go dtarraingeofar siar na forálacha conspóideacha a bhaineann le Tuaisceart Éireann sa Bhille faoin Margadh Inmheánach, má thagann siad ar réiteach faoin saorthrádáil.

Maolra M Mac Donnchadha
Tuairiscíodh ar maidin go raibh socrú déanta faoi cheann den trí mhórchonstaic sa bpróiseas – smacht na Ríochta Aontaithe ar a cuid limistéar iascaigh. Ach, tá sé séanta ó shin ag Michel Barnier go bhfuil an cheist achrannach sin réitithe agus go deimhin, tá sé tugtha le fios ag an bpríomh-idirghabhálaí gur duairc an deis faoi láthair margadh faoi Brexit a chinntiú ar chor ar bith. Beidh an dá lá seo romhainn cinniúnach, más fíor, agus an Bhruiséil ag iarraidh clabhsúr a chur ar chúrsaí roimh chruinniú mullaigh an AE a bheidh ag tosú Déardaoin. Díol spéise mar sin an scéal as Westminster ar ball beag go bhfuil leifteanant le Boris Johnson gafa anonn go dtí an Bheilg tráthnóna. Pléifidh an tAire Rialtais, Michael Gove, a deirtear, agus Leasuachtarán an Choimisiúin (um Chaidreamh Idir-institiúidí), Maroš Šefčovič, socrú a chinnteoidh gur beag bac a chuirfear ar bheatha ná ar earraí eile ag dul ón Bhreatain Mhór go Tuaisceart Éireann.

Labhair an Taoiseach ar ball beag faoin méid atá ar bun.

Micheál Martin, An Taoiseach
Is maith an rud é go bhfuil siad fós ag caint ach níl aon amhras ach go bhfuil … níl mórán ama fágtha againn anois agus caithfidh an Eoraip agus an Bhreatain dul i ngleic leis na fadhbanna seo agus conradh a chur le chéile agus a chur i bhfeidhm. Tá sé ríthábhachtach ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta, cúrsaí fostaíochta na tíre seo sa todhchaí.

Maolra M Mac Donnchadha
Beart cinniúnach sna comhráití go bhfuil sé deimhnithe arís ag Barnier nach n-aontódh Ballstáit an Aontais le haon socrú, má leanann Rialtas na Breataine le hachtú an Bhille faoin Margadh Inmheánach. Bille a thagann salach ar chomhaontuithe idirnáisiúnta faoin teorainn ar Oileán na hÉireann. Ach tá Rialtas Londan tar éis deimhniú go foirmeálta le hachar gearr anuas go ligfear altanna conspóideacha[1] an Bhille sin i léig má fhaigheann an Ríocht Aontaithe cead a gcinn ó thaobh conradh a aontú faoi thrádáil gan srian.

Maolra M Mac Donnchadha, Nuacht TG4.

[1] *ailt chonspóideacha* an leagan caighdeánach